


## Áras Uí Thuama

Suite gar do Pháirceanna na Laoi tá Áras Uí Thuama. Tógadh an t-áras álainn seo sa bhliain 2006. Beidh tú sona sásta san árasán nua-aimseartha seo i dteannta le mic léinn eile. Beidh tú ar do sháimhín só i do sheomra codlata úrnua, compórdach a bhfuil áiseanna staidéir ann. Gaeltacht na hOllscoile atá anseo ina bhfuil bloc de naoi n-árasán (le dhá, trí, ceithre sheomra codlata iontu).

Fan i dteagmháil le do chairde ar an ríomh-phost nó déan do chuid taighde ar do shuaimhneas san Áras breá seo tríd an idirlíon atá ar fáil saor in aisce.
Cuirfidh tú aithne ar mhic léinn ó gach coláiste agus beidh craic agaibh le chéile.

Chomh maith leis sin, ní bheidh ocras ort riamh agus Ollmhargadh díreach in aice leat mar a bhfuil rogha gach bia ar fáil. Níl an Ollscoil ach cúig neomat de shiúl na gcos uait agus tá Áras Uí Thuama an-chóngarach do lár na cathrach. Oireann na hárasáin seo do gach gné ded' shaol. **Cad eile a bheadh ag teastáil ó mhac léinn an lae inniu?**

## Iarratais

Tá fáilte roimh aon mhac léinn lánaimseartha a bhfuil Gaeilge líofa aige/aici cur isteach ar áit in Áras Uí Thuama. Is gá dó/di foirm speisialta Ghaeilge a líonadh agus dul faoi agallamh.

Cuirtear roinnt áiteanna i leataobh gach aon bhliain le haghaidh mhic léinn na chéad bhliana.

Tá scoláireachtaí substaintiúla ar fáil.

## Teagmháil


OIFIG IONAD NA GAEILGE LABHARTHA
Guthán: +353 (0)21 490 2314
Macas: +353 (0)21 490 3329
Ríomhphost: G.Labh@ucc.ie
Suíomh Idirlín: http://www.ucc.ie/igl





*Mapa*


Áras Uí Thuama
Brú na hOllscoile / University Hall
Crosaire Victoria / Victoria Cross
Corcaigh / Cork


© Design by Kunnert +Tierney, Cork

Ionad
na Gaeilge Labhartha

# Áras Uí Thuama

## Ionad Cónaithe Gaeilge

Gaeltacht na
hOllscoile Corcaigh

*Bígí Linn!*

UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Éire
University College Cork, Ireland

# I ngach árasán tá:

**Seomraí Codlata/staidéir**

- Binse staidéir agus lampa léitheoireachta
- Leaba dhúbailte le slí stórála
- Seilpeanna
- Scáthán lánfhada
- Soinc
- Cófraí
- Clár Fógraí

Tá ceangal teilifíse i ngach seomra.

***NB** Caithfidh gach áitritheoir éadaí leapan, cuilt agus piliúir a thabhairt leis / lei.*

**An Chistin /Seomra Comhluadair**

- Iarta Leictreonach
- Oigheann Leictreonach
- Oigheann Micreathonnach
- Cófraí
- Folúsghlantóir
- Cuisneoir/Reoiteoir
- Áraistí
- Sceanra
- Teilifíseán
- Iarann/Bord smúdála
- Tóstaer
- Citeal

Tá teileafón poiblí i ngach árasán.

**Tá a lán áiseanna ar fáil in Áras Uí Thuama ina measc:**

- Árasán le 2,3,4 sheomra codlata le "en-suite" i bhformhór acu.
- Ceangal idirlín saor in aisce
- Teas lárnach leictreach Goldshield
- Teilifíseán daite (cábla)
- Páirceáil shlán rothair
- Níolann féinseirbhíse*
- Bailiú Bruscair
- Maoir Chónaithe

Tá fáilte roimh aon mhac léinn lánaimseartha a bhfuil Gaeilge líofa aige/aici cur isteach ar áit in Áras Uí Thuama. Is gá dó/di foirm speisialta Ghaeilge a líonadh agus dul faoi agallamh. Cuirtear roinnt áiteanna i leataobh gach aon bhliain le haghaidh mhic léinn na chéad bhliana.

* *Tá táille i gceist.*


Seomraí Codlata/staidéir


An Chistin /Seomra Comhluadair


Ag baint taitnimh as Imeacht 5